Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €7.226 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe in imlitir 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Rinneadh na saolréanna fónta agus na rátaí amúchta gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

| *Aicme* | *Saolré fhónta* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 5 bliana | 20% |

## Ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Ard-Stiúrthóir/Cheann Oifige. Anuas air sin, is deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán is féidir a chur ar fáil le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais go ndéantar sócmhainní á gcaomhnú, go ndéantar idirbhearta á n-údarú agus tuairisc mar is ceart á choimeád orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtacht a sheachaint nó a thabhairt chun suntais go luath-thráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

***Seirbhísí comhroinnte***

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe a chur i bhfeidhm sna hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le hoibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Is meascán é an dearbhú seo d'obair iniúchóireachta inmheánaí a dhéanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus trí iniúchtaí arna ndéanamh ag gnólacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402), atá ceaptha chun tuairisciú do ranna úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tuairiscítear sna hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a oibríodh in 2023.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte litir dearbhaithe ar fáil dom maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta agus tuairiscíonn sé ar na hiniúchtaí ar fheidhmiú rialuithe le linn 2023. Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh amach socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe:

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- córas bainistithe riosca ann ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú,
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí i bhfeidhm agus go gcloítear le disciplíní bainistithe tionscadail foirmiúla.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Coinníonn an Oifig feidhm iniúchta inmheánaigh trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar dhá chonradh neamhiomaíocha sa bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le hImlitir 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh sa bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh). Bronnadh conradh luach €117,677 gan phróiseas iomaíoch le haghaidh seirbhísí dréachtaithe parlaiminte. Measadh é a bheith neamhchomhlíontach mar nach raibh an conradh faoi réir próiseas iomaíoch sa bhliain mar gheall ar chineál speisialaithe na hoibre atá i gceist, fíorphráinn na reachtaíochta atá de dhíth agus gá le clár reachtaíochta an Rialtais a chur ar fáil. Bhain an dara conradh dar luach €56,726 le húsáid sheirbhísí fón póca na hOifige. Rinneadh neamhaird den cheanglas tairiscint a chur isteach don tseirbhís seo nuair a athshannadh freagracht as bainistiú na seirbhíse seo laistigh den Oifig.

Tá an dá chonradh seo curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 agus tá tagairt déanta orthu thuas.

Ghlac an Oifig páirt i roinnt próisis tairisceana le cúpla bliain anuas chun daoine aonair atá cáilithe go cuí a mhealladh le haghaidh seirbhísí dréachtaithe pharlaimintigh. Tabharfaidh an Oifig faoi phróiseas tairisceana foirmiúil le linn 2024 chun seirbhísí fón póca a sholáthar.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig ina sainaithnítear agus a ndéantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus tá grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nós imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don MAC, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2023.

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

13 Márta 2024

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 3 – Oifig an Ard-Aighne

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 – Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 3 – Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Ard-Aighne agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaím agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

# Cuntas Leithreasa 2023

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastachá in** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Seirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. | 27,541 | 20,278 | 20,445 |
| **Ollchaiteachas** | | **27,541** | **20,278** | **20,445** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **705** | **668** | **631** |
| **Glanchaiteachas** | | **26,836** | **19,610** | **19,814** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **7,225,753** | **13,471,619** |

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

13 Márta 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 2,548 | 2,316 |
| Pá | | 13,736 | 13,007 |
| Neamhphá | | 3,994 | 5,122 |
| **Ollchaiteachas** | | **20,278** | **20,445** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **668** | **631** |
| **Glanchaiteachas** | | **19,610** | **19,814** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Mhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (127) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 7 | | |
| Dímheas | 127 | | |
| ***Athruithe ar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Amúchadh | 40 | | |
| | | 47 | (8) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | (74) | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (55) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | (232) | | |
| | | (361) | 119 |
| **Caiteachas díreach** | | **19,296** | **19,925** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,217 | 2,786 |
| Measchíosanna | | 791 | 791 |
| **Glanchostas an chláir** | | **23,304** | **23,502** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 2,464 | 2,251 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 249 | 189 |
| Vóta 18 | Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 16 | 14 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 231 | — |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 16 | 24 |
| An Príomh-Chiste: pinsin i ndáil le hiarArd-Aighní | | 241 | 308 |
| | | **3,217** | **2,786** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 276 | 283 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 53 | 93 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **329** | **376** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | | 249 | (459) |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 348 | 274 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 56 | 1 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 16 | 119 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | (253) | 340 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **416** | **275** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 168 | 400 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 12 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **180** | **400** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 236 | (125) |
| **Glansócmhainní** | | **565** | **251** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.9 | **565** | **251** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [b]

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** [a] | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 1,230 | 1,694 | 2,924 |
| Suimeanna Breise | 127 | — | 127 |
| Diúscairtí | (150) | (25) | (175) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **1,207** | **1,669** | **2,876** |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 985 | 1,656 | 2,641 |
| Dímheas don bhliain | 122 | 5 | 127 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (150) | (18) | (168) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **957** | **1,643** | **2,600** |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **250** | **26** | **276** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 338 | 38 | 376 |

Nóta [a] Áirítear le costas nó luacháil ag tús agus ag deireadh na bliana sócmhainní áirithe a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

[b] An 1 Eanáir 2023, rinneadh costas, dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar sócmhainní lena léirítear éadáil agus forbairt bogearraí ó Mhaoin, gléasra agus trealamh a athaicmiú go sócmhainní doláimhsithe (Nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Ceadúnais bogearraí faighte agus bogearraí forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 624 | 624 |
| Suimeanna Breise | — | — |
| Diúscairtí | (294) | (294) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **330** | **330** |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 531 | 531 |
| Amúchadh don bhliain | 40 | 40 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (294) | (294) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **277** | **277** |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **53** | **53** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 93 | 93 |

Nóta [a] Aistríodh costas, dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar doláimhsithe sócmhainní lena léirítear éadáil agus forbairt bogearraí ó Mhaoin, gléasra agus trealamh.

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht bogearraí | 258 | 198 |
| Seirbhísí Leabharlainne | 89 | 76 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 1 | — |
| | **348** | **274** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aisíocaíocht costais d'fhoireann ar iasacht | 55 | — |
| Aisíocaíochtaí Coimirce Sóisialaí | 1 | 1 |
| | **56** | **1** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 1 | 99 |
| Scéim maidir le pas infhorchúitithe taistil | 12 | 8 |
| Cuntas ar chostais comhroinnte | — | 9 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 3 | 3 |
| | **16** | **119** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Saineolas dlí ar conradh | 37 | 312 |
| Costais riaracháin eile | 131 | 88 |
| | **168** | **400** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 12 | — |
| | **12** | **—** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 7,226 | 13,472 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (6,973) | (13,812) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **253** | **(340)** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 16 | 119 |
| Banc agus airgead tirim | 249 | (459) |
| | **265** | **(340)** |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12) | — |
| | **(12)** | — |
| | **253** | **(340)** |

## 2.9 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 251 | 362 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 26,836 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | 7,226 | | |
| Glanvóta | | | 19,610 | 19,814 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 3,217 | 2,786 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 791 | 791 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (23,304) | (23,502) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **565** | **251** |

## 2.10 Ceangaltais

| Ceangaltais dhomhanda amhail an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | **1,280** | **986** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin €000 | Toradh €000 | Toradh €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 15,756 | 13,736 | 13,007 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 240 | 133 | 110 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 750 | 762 | 551 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 125 | 97 | 92 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,154 | 1,140 | 1,007 |
| vi | Costais áitribh oifige | 310 | 191 | 116 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 35 | 24 | 22 |
| viii | Saineolas dlí ar conradh | 2,100 | 542 | 447 |
| | | **20,470** | **16,625** | **15,352** |

### Athrúcháin shuntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha sa chaiteachas ón méid a cuireadh ar fáil (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin €240,000; toradh €133,000*

Tháinig coigilteas €107,000 chun cinn mar nach raibh an taisteal ach ag tosú ag filleadh ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €310,000; toradh €191,000*

Tháinig an coigilteas €119,000 chun cinn mar gheall ar chostais fóntais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo.

**viii Saineolas Dlí ar Conradh**

*Soláthar meastacháin €2.1 milliún; toradh €542,000*

Tháinig an coigilteas €1.558 milliún chun cinn toisc go raibh íocaíochtaí le dréachtóirí seachtracha agus le dréachtóirí parlaiminte comhairliúcháin i bhfad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh maoiniú €1.1 milliúin ar fáil don bhliain faoin bhfotheideal seo le go mbeidh an Oifig in ann comhairle a lorg, más gá, ó dhréachtóirí seachtracha a dhéanfadh speisialtóireacht i réimse áirithe dlí le go mbeadh níos mó ama ag baill na hOifige chun tabhairt faoi thascanna laethúla eile. Chuirfeadh an cistiú breise ar chumas an Stáit freisin aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar dhlíthíocht agus í a chosaint i gcás inar gá. Sa deireadh ní raibh aon chaiteachas ag an Oifig maidir le hiarrataí ó dhréachtóirí seachtracha comhairle a fháil faoi réimsí áirithe dlí agus maidir leis an ngá aghaidh a thabhairt ar dhlíthíocht agus dlíthíocht a chosaint le linn 2023. Bhí an t-iarmhéid de €1 mhilliún le híoc le dréachtóirí parlaiminte comhairleacha don bhliain. Rinneadh coigilteas €458,000 mar go raibh níos lú ná an riachtanas a rabhthas ag súil leis le haghaidh seirbhís na ndréachtóirí parlaiminte comhairleacha le linn 2023.

## Clár A Seirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 15,756 | 13,736 | 13,007 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 4,714 | 2,889 | 2,345 |
| A.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 58 | 68 | 57 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2,883 | 2,548 | 2,316 |
| A.5 | Speansais ghinearálta dlí | 130 | 205 | 36 |
| A.6 | Rialacháin phleanála a aontú agus a athbhreithniú | 4,000 | 832 | 2,684 |
| | | **27,541** | **20,278** | **20,445** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

*Meastachán €2.883 milliún; Réadaithe €2.548 milliún*

Ba mar thoradh go heisiach ar choigilteas faoi phá sa Choimisiún a raibh easnamh €335,000 i gcaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh gach post líonta an t-am ar fad le linn na bliana.

**A.5 Caiteachais Ghinearálta Dlí**

*Meastachán €130,000; réadaithe €205,000*

Tharla an róchaiteachas i ndáil leis an soláthar meastacháin €75,000 mar gheall ar éileamh níos airde ón Oifig maidir le dréachtóirí seachtracha a úsáid chun comhairle a lorg maidir le cúrsaí dlí agus ar chásanna ECHR.

**A.6 Rialacháin phleanála a aontú agus a athbhreithniú**

*Meastachán €4 milliún; Réadaithe €0.832 milliún*

Aontaíodh le cinneadh S180/20/10/2665 ón Rialtas, tar éis an chomhaontaithe faoi *Thithíocht do Chách*, go dtabharfar faoi chomhdhlúthú agus athbhreithniú cuimsitheach ar reachtaíocht phleanála. San iomlán, cuireadh maoiniú €15 milliún ar fáil chun tabhairt faoin tionscadal, leithdháileadh €4 milliún de sin i soláthar meastacháin 2023 don Oifig. Bhí an tearc-chaitheamh €3.168 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar thoradh i bpáirt ar chostais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a bhain le baill den ghrúpa oibre ar an tionscadal chun an reachtaíocht phleanála a athbhreithniú agus a athdhréachtú. Ina theannta sin, leithdháileadh €2 milliún den mheastachán le go mbeifear ag súil le húsáid a bhaint as abhcóidí seachtracha ar an tionscadal a dhéanfadh speisialtóireacht i réimsí sonracha reachtaíochta agus a bhféadfadh sé tarlú go mbeadh orthu tabhairt faoi réimsí sonracha oibre ar an tionscadal a bhaineann lena réimse sonrach saineolais. Sa chás seo ní raibh na seirbhísí sin de dhíth.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 697 | 668 | 631 |
| 2 | Earraí Ilghnéitheacha | 8 | — | — |
| | **Iomlán** | **705** | **668** | **631** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Fostaithe comhionann le fostaithe lánaimsire ag deireadh na bliana** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Oifig an Ard-Aighne | 151 | 137 |
| Gníomhaireacht – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 21 | 20 |
| **Iomlán** | **172** | **157** |

## 5.2 Pá – Oifig an Ard-Aighne

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 12,453 | 11,788 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 71 | 73 |
| Liúntais eile | 15 | 14 |
| Ragobair | 16 | 12 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,181 | 1,120 |
| **Pá iomlán** | **13,736** | **13,007** |

## 5.2 Pá – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,309 | 1,162 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 107 | 110 |
| **Pá iomlán** [a] | **1,416** | **1,272** |

Nóta [a] Fuair an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí deontas €2.548 milliún faoi fhotheideal A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (€2.316 milliún in 2022). Is é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a chuir na figiúirí pá a tuairiscíodh thuas ar fáil.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 6 | 4 | 24,503 | 28,889 |
| Liúntais eile | 9 | — | 8,994 | 8,825 |
| Ragobair | 2 | — | 7,970 | 12,203 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | 1 | 24,503 | 28,889 |

## 5.4 Foireann na hOifige de réir banda pá

Is mar seo a leanas atá líon fostaithe na hOifige a raibh laghdú idir €20,000 agus €59,000 ar a líon sochar (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2023 | 2022 |
| 20,000 | 59,999 | 48 | 41 |
| 60,000 | 69,999 | 8 | 11 |
| 70,000 | 79,999 | 12 | 18 |
| 80,000 | 89,999 | 14 | 11 |
| 90,000 | 99,999 | 14 | 8 |
| 100,000 | 109,999 | 14 | 8 |
| 110,000 | 119,999 | 10 | 14 |
| 120,000 | 129,999 | 13 | 13 |
| 130,000 | 139,999 | 5 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 3 |
| 160,000 | 169,999 | — | 3 |
| 170,000 | 179,999 | 9 | 4 |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | 2 |
| 230,000 | 239,999 | 2 | — |

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €36,569 i ndáil le costais tuarastail oifigigh amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh 2023 ar fad nó cuid di agus arbh í an Oifig a d'íoc a chuid tuarastal leis.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 35 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2023 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus arbh iad an roinn/oifig óstach a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 9 | 21,425 | 16,833 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 6 | 15,056 | 4,993 |

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí/Iomarcaíocht

Nuair tharla athrú Ard-Aighne i mí na Nollag 2022, fuair cúigear ball foirne ó Oifig Phríobháideach an Ard-Aighne, ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht mar thoradh ar athrú an Ard-Aighne, íocaíochtaí scaoilíocaíochta €64,176 le linn 2023. Fuair gach duine den fhoireann seo íocaíochtaí iomarcaíochta chomh maith, agus ba é €17,796 luach iomlán na n-íocaíochtaí sin. B’ionann iomlán na n-íocaíochtaí don bhliain 2023 agus €81,972.

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | **2023**<br>**€000** | **2022**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Bunphá | **231** | **214** |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais a bunaíodh in ndiaidh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin.